Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Bealtaine 2024**
**(OR. en)**

**10127/24**

**COMPET 573**
**IND 272**
**MI 519**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 24 Bealtaine 2024 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9893/24 |
| Ábhar: | Tionscal Eorpach iomaíoch a spreagann ár dtodhchaí ghlas, dhigiteach agus athléimneach<br>*– conclúidí ón gComhairle (formheasta an 24 Bealtaine 2024)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tionscal Eorpach iomaíoch a spreagann ár dtodhchaí ghlas, dhigiteach agus athléimneach, a d’fhormheas an Chomhairle (Iomaíochas) ag an 4026ú cruinniú a bhí aici an 24 Bealtaine 2024.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE**

**tionscal Eorpach iomaíoch a spreagann ár dtodhchaí ghlas, dhigiteach agus athléimneach**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Á MHEABHRÚ DI:

- na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 24 agus an 25 Márta 2022[1] ina n-iarrtar go leanfaí den obair a bhaineann le cur chun feidhme Dhearbhú Versailles chun bonn eacnamaíoch níos oscailte láidre a leagan síos;

- na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 23 Márta 2023[2] ina n-iarrtar go leanfaí ar aghaidh leis an obair i naoi réimse gníomhaíochta chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach an Aontais;

- na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 26 agus an 27 Deireadh Fómhair 2023[3] maidir le hiomaíochas an Aontais, ina gcuirtear i dtábhacht di go bhfuil bonn láidir eacnamaíoch de dhíth ar an Aontas Eorpach chun a iomaíochas fadtéarmach a áirithiú mar aon leis an gcothrom iomaíochta, go hinmheánach agus ar fud an domhain;

- na conclúidí ón gComhairle Eorpach ón gcruinniú urghnách an 17 agus an 18 Aibreán 2024[4] ina n-iarrtar comhaontú nua maidir le hiomaíochas na hEorpa;

---

1 EUCO 1/22
2 EUCO 4/23
3 EUCO 14/23
4 EUCO 12/24

- na conclúidí ón gComhairle maidir le luachshocrú eolais[5], maidir le todhchaí bheartas digiteach an Aontais Eorpaigh[6], maidir le todhchaí an mhargaidh aonair[7], agus maidir leis an Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le soláthar poiblí san Aontas Eorpach[8];

Á MHEABHRÚ DI na teachtaireachtaí, na tuarascálacha agus na doiciméid a ghabhann leo ón gCoimisiún maidir leis an méid seo a leanas:

- Straitéis thionsclaíoch nua don Eoraip[9] mar aon leis an leagan nuashonraithe[10]; Straitéis FBM d'Eoraip inbhuanaithe dhigiteach[11]; Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Aois Aeráidneodrach[12]; An Straitéis Eorpach um an tSlándáil Eacnamaíoch[13]; Pacáiste faoisimh do FBManna[14]; Na hidirphléití maidir leis an aistriú glan – athbhreithniú – Tionscal láidir Eorpach d'Eoraip inbhuanaithe'[15];

- 30 bliain den Mhargadh Aonair[16]; Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030[17]; Tuarascáil bhliantúil 2024 ar an margadh aonair agus ar an iomaíochas[18];

- Tuarascáil 2023 ar an mbeartas iomaíochta[19];

---

**5** Conclúidí ón gComhairle maidir le luachshocrú eolais a neartú mar uirlis le haghaidh tionscal athléimneach iomaíoch agus uathriail straitéiseach i ngeilleagar oscailte san Eoraip, 10182/24

**6** Conclúidí ón gComhairle maidir le todhchaí bheartas digiteach an Aontais, 9957/24

**7** Conclúidí ón gComhairle maidir le margadh aonair chun tairbhe do chách, 10298/24

**8** Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 28/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: *Public Procurement in the EU: Less Competition for Contracts Awarded for Works, Goods, and Services in the 10 Years up to 2021* [Soláthar poiblí san Aontas Eorpach: Níos lú iomaíochta maidir le conarthaí a dámhadh le haghaidh oibreacha, earraí agus seirbhísí sna 10 mbliana roimh 2021], 9966/24

**9** COM(2020) 102 final

**10** COM(2021) 350 final

**11** COM(2020) 103 final

**12** COM(2023) 62 final

**13** JOIN(2023) 20 final

**14** COM(2023) 535 final

**15** COM(2024) 163 final

**16** COM(2023) 162 final

**17** COM(2023) 168 final

**18** COM(2024) 77 final

**19** COM(2024) 115 final

- An Comhaontú Glas don Eoraip[20]; Plean nua gníomhaíochta don gheilleagar ciorclach i gcomhair Eoraip níos glaine agus níos iomaíche[21]; Tuarascáil dul chun cinn 2023 maidir le gníomhaíocht ar son na haeráide[22]; Sprioc aeráide 2040 na hEorpa agus an chonair chun na haeráidneodrachta faoi 2050 lena dtógfar sochaí inbhuanaithe, chóir agus rathúil[23]; Rioscaí aeráide a bhainistiú – daoine agus rathúnas a chosaint[24];

- Compás Digiteach 2030[25] agus an Clár beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach[26];

- an Clár Oibre Eorpach um Scileanna le haghaidh an iomaíochais inbhuanaithe, na cothroime sóisialta agus na hathléimneachta[27];

- Athbhreithniú ar an mbeartas trádála – beartas trádála oscailte, inbhuanaithe agus teanntásach[28];

- Straitéis an Aontais maidir le caighdeánú – caighdeáin dhomhanda a leagan síos chun tacú le margadh aonair an Aontais atá athléimneach, glas agus digiteach[29];

Á MHEABHRÚ DI:

- an Gníomh um Shliseanna[30], an Gníomh um Amhábhair Chriticiúla[31] agus an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta[32];

- an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip[33],

---

20 COM(2019) 640 final
21 COM(2020) 98 final
22 COM(2023) 653 final
23 COM(2024) 63 final
24 COM(2024) 91 final
25 COM(2021) 118 final
26 Cinneadh (AE) 2022/2481
27 COM(2020) 274 final
28 COM(2021) 66 final
29 COM(2022) 31 final
30 Rialachán (AE) 2023/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras leathsheoltóra na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/694
31 Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1724 agus (AE) 2019/1020
32 PE-CONS 45/24
33 Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán Teicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE, Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241

**I. An tAontas Eorpach – áit a bhfuil tionscal láidir iomaíoch**

1. **AITHNÍONN SÍ**, ní hamháin go ndéanann na hathruithe suntasacha teicneolaíocha, eacnamaíocha agus geopholaitiúla a tharla le blianta beaga anuas, chomh maith leis na dúshláin chomhshaoil agus shochaíocha, cothromaíochtaí domhanda na cumhachta a athshainiú, ach go mbíonn tionchar acu freisin ar iomaíochas na dtionscal Eorpach uile; **CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS** a riachtanaí atá sé don Aontas faireachán a dhéanamh ar rioscaí sa slabhra soláthair agus iad a thuar agus aghaidh a thabhairt ar spleáchais straitéiseacha chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn; **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** go bhfuil tionchar ag forbairtí beartais i dtríú tíortha, a raibh iomaíocht éagórach agus caomhnaitheacht ina saintréithe ag baint leo uaireanta, ar gheilleagar na hEorpa, lena n-áirítear trí thrádáil a shaobhadh agus trí chinntí dí-chomhchruinnithe agus dí-infheistíochta a spreagadh, agus dá bhrí sin go n-éilítear freagairt chomhordaithe bheartais Eorpach leo;

2. **CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR** go bhfuil gá ag Eoraip rathúil le tionscal iomaíoch a mbeidh bonn láidir monaraíochta ag baint léi agus a bheidh ina cheann feadhna ar an nuálaíocht, an táirgiúlacht, poist ardcháilíochta, an inbhuanaitheacht agus an fás; **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** go bhfuil Margadh Aonair lánfheidhmiúil, lena n-áirítear in earnáil na seirbhísí, ríthábhachtach chun Aontas iomaíoch a chothú agus a chothabháil mar 'suíomh gnó na hEorpa' san fhadtéarma;

3. **CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS** go bhfuil brú ar ghnólachtaí Eorpacha agus ar na slabhraí soláthair mar gheall ar an iomaíocht dhomhanda atá ag dul i méid, ar ghéarchéimeanna mar shampla paindéim COVID-19, ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus ar an teannas sa Mhuir Rua; **AITHNÍONN SÍ** na hiarmhairtí eacnamaíocha díobhálacha fadtéarmacha a bhíonn ag praghsanna arda fuinnimh ar iomaíochas an Aontais; **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR**, ag an am céanna, leis na cuspóirí uaillmhianacha i dtreo na haeráidneodrachta agus na ceannaireachta digití, mar aon le bearta maidir leis an oiriúnú don athrú aeráide, leis an dlús le forbairt, táirgeadh agus húsáid teicneolaíochtaí glana mar aon leis an gclaochlú tionsclaíoch a eascraíonn astu, go dtagann astu seo ar fad deiseanna chun ceannaireacht thionsclaíoch na hEorpa a fhorbairt a thuilleadh agus chun poist ardcháilíochta a chruthú;

4. **AITHNÍONN SÍ** go bhfuil ról ríthábhachtach ag teicneolaíochtaí digiteacha agus ag forbairtí nuálaíochta i sochaí agus i dtionscal na hEorpa; **LEAGANN SÍ BÉIM**, i ndáil leis an méid sin, ar an tábhacht mhéadaitheach a bhaineann leis an gcibearshlándáil agus **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** go bhfuil réitigh ghiniúnacha IS á bhforbairt agus á gcur in úsáid go tapa, chomh maith le hacmhainneacht na dteicneolaíochtaí candamacha atá ag teacht chun cinn; **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** gur den ríthábhacht é bonneagar slán fomhuirí, trastíre agus neamh-thrastíre (lena n-áirítear an spás) le haghaidh nascacht dhigiteach, acmhainneacht agus athléimneacht mhéadaithe na mbonneagar cnámh droma digiteach chun go mbeidh an Eoraip athléimneach agus iomaíoch ó thaobh cúrsaí digiteacha de agus go leanfaidh sí de bheith amhlaidh; **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** an Páipéar Bán ón gCoimisiún maidir le conas máistreacht a fháil ar riachtanais bhonneagar digiteach na hEorpa; **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** a thábhachtaí atá an nuálaíocht agus an fhorbairt i dtaca le seirbhísí digiteacha nua, teicneolaíochtaí digiteacha nua agus samhlacha gnó nua i dtimpeallacht iontaofa; dá bhrí sin, **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit leanúint ag moladh don earnáil tionsclaíoch agus dá n-éiceachórais iad a fhorbairt agus a chur in úsáid agus Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach a chomhlíonadh; **TATHANTAÍONN SÍ** ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar na tionscnaimh atá ann cheana i réimse na sonraí a chur chun feidhme go héifeachtach agus go tráthúil, lena n-áirítear trí chuidiú leis na Ballstáit na tionscnaimh sin a chur chun feidhme;

5. **LEAGANN SÍ BÉIM** ar a thábhachtaí atá an Comhaontú Glas don Eoraip agus ar a thábhachtaí atá sé go gcuirfí chun feidhme comhleanúnach é, agus na deiseanna agus na dúshláin atá roimh chuideachtaí agus saoránaigh á gcur san áireamh; **IARRANN SÍ** ar an earnáil phríobháideach comhoibriú leis na húdaráis phoiblí chun infheistíochtaí san éifeachtúlacht fuinnimh agus san iompar inbhuanaithe a threisiú; **CUIREANN SÍ IN IÚL** gur gá dálaí fabhracha a chruthú don éileamh ar tháirgí agus ábhair inbhuanaithe, ghlan-nialasacha, ísealcharbóin agus chiorclacha, margadh aonair a fhorbairt do dhramhaíl, d'amhábhair thánaisteacha agus do tháirgí athchúrsáilte, ardábhair agus ciorclaíocht a chur chun cinn, agus iarracht a dhéanamh cothrom iomaíochta a bhaint amach do chuideachtaí a bhfuil uaillmhianta arda comhshaoil agus sóisialta á saothrú acu; **MEABHRAÍTEAR DI** an ról tábhachtach atá ag an ngeilleagar ciorclach, ag bainistiú inbhuanaithe acmhainní agus ag taighde maidir le hionadú amhábhar chun an t-éileamh a laghdú agus chun athléimneacht an Aontais a fheabhsú maidir le hamhábhair phríomhúla, bunábhar inbhuanaithe, uisce agus acmhainní criticiúla eile; **TATHANNTAÍONN SÍ** ar an gCoimisiún bailchríoch a chur ar nuashonrú na straitéisí bithgheilleagair faoi dheireadh 2025, chun a áirithiú go gcuirfidh an bithgheilleagar go mór le haistriú glas an gheilleagair, chun an bhiteicneolaíocht agus an geilleagar bithbhunaithe a aithint go cothrománach mar chuid bhunúsach de bheartas tionsclaíoch an Aontais, agus chun comhordú a áirithiú chun go gcuirfí feabhas ar chomhleanúnachas beartais;

6. **CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS** acmhainneacht an tsoláthair phoiblí mar uirlis straitéiseach chun éileamh a chothú ar earraí agus ar sheirbhísí a rannchuidíonn leis an inbhuanaitheacht, leis an digitiú agus leis an athléimneacht, agus chun infheistíochtaí a chur chun cinn; **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún grinnanailís a dhéanamh, gan mhoill, ar an gcreat reachtach atá ann cheana maidir le soláthar poiblí chun a mheas an gá athbhreithniú a dhéanamh le linn théarma 2024-2029, mar a iarrtar sna Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 28/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa;

7. **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** na tionscnaimh is déanaí ón gCoimisiún maidir le hardábhair le haghaidh ceannaireacht thionsclaíoch[34], an tionscal cosanta[35], agus na biteicneolaíochtaí agus an bhithmhonaraíocht[36]; **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún straitéis nua a fhorbairt a thacaíonn le tionscal muirí na hEorpa, atá ríthábhachtach do leasanna straitéiseacha an Aontais, san aistriú digiteach agus san aistriú glas agus lena gcuimsítear gach gné d'iomaíochas na hearnála; **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR**, sa bhreis ar thionscnaimh a tháinig ón gCoimisiún le déanaí, gur cheart tús áite a thabhairt do shármhaitheas inár láidreachtaí uathúla agus do bheith ar thús cadhnaíochta i réimsí teicneolaíochta inar gá don Eoraip seasamh lárnach a bhaint amach agus atá ríthábhachtach do shlándáil eacnamaíoch an Aontais; **MEABHRAÍTEAR DI** na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 17 agus an 18 Aibreán 2024 ina luaitear nach mór don Eoraip a spleáchais straitéiseacha a laghdú in earnálacha íogaire a sainaithníodh in Versailles – fuinneamh, amhábhair chriticiúla, leathsheoltóirí, sláinte, cúrsaí digiteacha, bia agus teicneolaíochtaí criticiúla – agus in earnálacha eile, cuir i gcás ceimiceáin, an bhiteicneolaíocht agus an spás; **LEAGANN SÍ BÉIM AR A THÁBHACHTAÍ ATÁ** SÉ seasamh na hEorpa sna réimsí agus sna hearnálacha sin a neartú, lena n-áirítear trí shlabhraí soláthair inbhuanaithe Eorpacha a fhorbairt, acmhainneacht na hEorpa i dtáirgeadh, i dtaighde agus i nuálaíocht a mhéadú agus soláthairtí ó thríú tíortha a éagsúlú, agus a áirithiú go mbeidh éifeachtaí iarmharta dearfacha ar fud na mBallstát san am céanna;

---

34 COM(2024) 98 final
35 JOIN(2024) 10 final
36 COM(2024) 137 final

8. **AITHNÍONN SÍ** a thábhachtaí atá struchtúr rialachais dea-fheidhmiúil simplithe lena dtugtar na páirtithe leasmhara sna héiceachórais thionsclaíocha le chéile chun cur chun feidhme na straitéise tionsclaíche Eorpaí a éascú ar bhealach oscailte, trédhearcach, éagsúil agus cuimsitheach agus chun rannchuidiú le ceapadh beartas; **MEABHRAÍTEAR DI** an ról lárnach atá ag an bhFóram Tionsclaíoch maidir le rannchuidiú le beartas tionsclaíoch an Aontais a mhúnlú agus a chur chun feidhme i gcomhar leis an earnáil tionsclaíochta, na Ballstáit, an tsochaí shibhialta agus an Coimisiún; **MOLANN SÍ** don Choimisiún tabhairt faoi thionscnaimh iomchuí, lena n-áirítear measúnú críochnúil a dhéanamh ar an gcreat rialachais atá ann cheana, d'fhonn na struchtúir a chuíchóiriú, an t-ualach nach bhfuil gá leis a bhíonn ar pháirtithe leasmhara agus ar na Ballstáit a laghdú, agus dúbláil a sheachaint;

9. **CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS** an ról a thug Comhairle Eorpach an 23 Márta 2023 don Chomhairle Iomaíochais measúnú bliantúil a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le feabhas a chur ar iomaíochas agus an táirgiúlacht a mhéadú, agus béim ar leith á leagan ar an Margadh Aonair a dhoimhniú agus a neartú; **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas 2024, atá mar bhonn do thimthriall bliantúil an phlé sa Chomhairle maidir le staid an iomaíochais agus an ionchuir don Seimeastar Eorpach; **LEAGANN SÍ BÉIM AR** an ngá atá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát chun na spriocanna a leagtar síos do na Príomhtháscairí Feidhmíochta maidir le hiomaíochas sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hIomaíochas Fadtéarmach a bhaint amach; **CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS** go bhféadfadh an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh, i gcás inar gá, ar na príomhtháscairí feidhmíochta atá ann cheana agus táscairí breise a mheas, i gcás inarb iomchuí, mar shampla maidir le beartas tionsclaíoch nó státchabhair; **MEASANN SÍ** go dtugtar an deis leis an timthriall nua beartais chun sainordú na Comhairle Iomaíochais a neartú chun cur chun feidhme comhordaithe a áirithiú, chomh maith le faireachán ar chlár oibre uaillmhianach don bheartas tionsclaíoch, agus an obair a bhíonn ar bun ag an nGrúpa Ardleibhéil um Chumas Iomaíochta agus um Fhorás ag tacú leis sin;

## II. An nuálaíocht, an mórspreagadh d'iomaíochas na hEorpa

10. AITHNÍONN SÍ an ról ríthábhachtach atá ag nuálaíocht thionsclaíoch cheannródaíoch, taighde den scoth, lena n-áirítear buntaighde, agus forbairt teicneolaíochta chun boinn eolaíochta agus teicneolaíochta na hEorpa a neartú trí limistéar Eorpach taighde a bhaint amach agus iomaíochas, athléimneacht agus inbhuanaitheacht na hEorpa a chur chun cinn agus uaillmhianta beartais an Aontais a bhaint amach; **SPREAGANN SÍ** comhar idir lucht tionscail (lena n-áirítear FBManna), eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta, institiúidí ardoideachais, gníomhaireachtaí cistiúcháin agus údaráis phoiblí ábhartha chun borradh a chur faoin nuálaíocht agus chun dlús a chur le glacadh sa mhargadh, chomh maith le huas-scálú tionsclaíoch agus tráchtála na nuálaíochta;

11. **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** gur gá nasc níos fearr a áirithiú idir tionscnaimh nuálaíochta agus thionsclaíocha, ag tógáil ar an gClár Oibre Eorpach Nua um Nuálaíocht; **CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS**, i ndáil leis sin, a thábhachtaí atá sé líon teoranta tosaíochtaí straitéiseacha a shainiú agus a áirithiú go bhfeidhmíonn siad mar snáithe a nascann beartais thionsclaíocha agus nuálaíochta le chéile; **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún ról a thabhairt do na Ballstáit uile agus do réimse leathan gníomhaithe ábhartha i gcleachtadh comhpháirteach chun tosaíochtaí straitéiseacha a shainaithint; **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** a thábhachtaí atá sé tarraingt ar na sásraí agus ar na comhpháirtíochtaí atá ann cheana, cuir i gcás, comhghuaillíochtaí tionsclaíocha, an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach, Grúpa Stiúrtha Phlean SET, Ardáin Eorpacha Teicneolaíochta, Comhghnóthais agus comhpháirtíochtaí eile de chuid Fís Eorpach;

12. **IS OTH LÉI** nach leor an chaoi a n-eascraíonn táirgí nó seirbhísí indíolta, ar a dtugtar 'paradacsa na nuálaíochta' freisin, as bonn láidir eolais an Aontais, rud a fhágann go bhfuil acmhainneacht shuntasach neamhshaothraithe sna slabhraí luacha tionsclaíocha ar fud an Aontais; **MOLANN SÍ** don Choimisiún agus do na Ballstáit agus don earnáil airgeadais freisin leanúint de luachshocrú a chothú chun go mbeidh rath ar infheistíochtaí sa taighde agus san fhorbairt agus, ar an gcaoi sin, iomaíochas thionscal na hEorpa a neartú, go háirithe FBManna;

13. **AITHNÍONN SÍ** an ról tábhachtach is féidir leis an Aontas a imirt chun cabhrú leis an mbearna a dhúnadh lena gcuirtear cosc ar thorthaí taighde agus ar nuálaíochtaí an margadh a bhaint amach go luath; **CUIREANN SÍ I dTREIS** go bhfuil gá le sineirgí méadaithe idir na hionstraimí cistiúcháin atá ann cheana agus barrfheabhsú na n-ionstraimí sin ar gach leibhéal, lena dtacófar le táirgí margaidh nuálacha a dhéanamh d'fhionnachtana agus lena gcumasófar scaipeadh agus úsáid nuálaíochtaí agus teicneolaíochtaí; I ndáil leis an méid sin, **TAGRAÍONN SÍ** do ghníomhaíocht bheartais an Limistéir Eorpaigh Taighde 'Dlús a chur le haistriú glas agus aistriú digiteach phríomhéiceachóras tionsclaíoch na hEorpa'; **TATHANTAÍONN SÍ** ar an gCoimisiún leanúint d'fhaisnéis shoiléir agus inrochtana a chur in iúl maidir leis na féidearthachtaí éagsúla cistiúcháin a fhaigheann tacaíocht ón Aontas ó ghníomhaithe príobháideacha agus poiblí araon; **MOLANN SÍ** don Choimisiún leanúint de na nósanna imeachta iarratais maidir le deiseanna cistiúcháin an Aontais a fheabhsú agus a shimpliú;

14. **CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS** nach mór do chuideachtaí, go háirithe FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta, a bheith in ann nuálaíochtaí a thástáil agus a léiriú i bhfíorshuíomhanna ábhartha agus, i gcás inarb iomchuí, i mboscaí gainimh rialála, chun nuálaíocht a aistriú chuig an margadh; I ndáil leis an méid sin, **LEAGANN SÍ BÉIM AR** ról tábhachtach na mbonneagar taighde agus teicneolaíochta sa phróiseas sin; **MEABHRAÍTEAR DI** an mhapáil a iarradh ar riachtanais úsáideoirí maidir le bonneagair theicneolaíochta san Aontas faoi lár 2025 agus an obair a rinneadh faoi shainchúram an Fhóraim Straitéisigh Eorpaigh um Bonneagair Thaighde (ESFRI); **IARRANN SÍ** go mbeadh straitéis Eorpach ann chun comhar agus líonrú ar fud an Aontais a chothú i measc na mbonneagar sin agus go ndéanfaí foráil leis do rochtain ar bhealach trédhearcach agus ísealtairsí agus ar phraghas cothrom do chuideachtaí tionsclaíocha, go háirithe FBManna; **LEAGANN SÍ BÉIM AR** a thábhachtaí atá sé an gréasán uile-Eorpach sin a thógáil ar phrionsabal na speisialtóireachta cliste; **CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS**, sa chomhthéacs sin, an acmhainneacht a chuireann na braislí, an Líonra Fiontar Eorpach (EEN), Infheistíochtaí Nuálaíochta Idir-réigiúnacha (I3) agus Moil Eorpacha maidir leis an Nuálaíocht Dhigiteach (EDIHanna) ar fáil chun tacú le FBManna Eorpacha ina gclaochlú eacnamaíoch, glas agus digiteach;

## III. Airgeadas: bunchloch de chreat beartais tionsclaíoch Eorpach a bheidh cuimsitheach, réamhghníomhach agus dírithe ar an todhchaí

15. **MEABHRAÍTEAR DI** gur réamhchoinníoll é rochtain ar mhaoiniú, lena n-áirítear maoiniú cumaiscthe, chun infheistíocht agus poist a choinneáil san Eoraip; **AITHNÍONN SÍ** go bhfuil ról ríthábhachtach ag cistiú príobháideach chun spriocanna an Aontais a bhaint amach maidir le hiomaíochas domhanda agus athléimneacht an Aontais a threisiú, lena n-áirítear trí theicneolaíochtaí straitéiseacha a fhorbairt agus trína méadú; **AITHNÍONN SÍ** an ról lárnach atá ag Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus ag na bainc náisiúnta le haghaidh spreagadh i ngiaráil agus i ndí-rioscú infheistíochtaí príobháideacha; **CUIREANN SÍ I dTREIS** go bhfuil sé ríthábhachtach Aontas na Margaí Caipitil a dhoimhniú chun infheistíocht phríobháideach a mhealladh, chun foinsí cistiúcháin a éagsúlú agus chun caipiteal a leithdháileadh go héifeachtúil ar fud an Aontais; **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** go bhfuil raon constaicí fós roimh ghnólachtaí Eorpacha, go háirithe gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá i mbun fáis agus FBManna, maidir le cistiú fadtéarmach agus cistiú fiontair a fháil; **TATHANTAÍONN SÍ**, dá bhrí sin, dlús a chur leis na hiarrachtaí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon chun margaí caipitil Eorpacha fíor-chomhtháite a chruthú, lena n-áirítear trí chur le Plean Gníomhaíochta 2020 maidir le hAontas na Margaí Caipitil, agus na bearta uile a leagtar amach sa ráiteas ón nGrúpa Euro i bhformáid chuimsitheach maidir le todhchaí Aontas na Margaí Caipitil an 11 Márta 2024 a chur chun feidhme go pras;

16. **ATHDHEARBHAÍONN SÍ** go bhfuil sé léirithe go bhfuil beartas iomaíochta atá cothrom agus éifeachtach, lena gcosnaítear an iomaíocht sna margaí, ríthábhachtach don rathúnas eacnamaíoch laistigh den Aontas trí shláine agus cothrom iomaíochta sa Mhargadh Aonair a chaomhnú agus a fheabhsú; **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** a thábhachtaí atá sé cloí leis an mbóthar sin; **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** go ndéanfadh rás fóirdheontais i measc na mBallstát dochar don Aontas ina iomláine agus gur cheart, dá bhrí sin, é a sheachaint;

17. **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** gur cheart don Choimisiún an creat Eorpach maidir le Státchabhair a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus faireachán leordhóthanach a dhéanamh air, chun cothrom iomaíochta a chosaint agus chun aon riosca ilroinnte a sheachaint; **MOLANN SÍ** don Choimisiún nósanna imeachta um fhógra a thabhairt maidir le Státchabhrach a shimpliú agus dlús a chur leo;

18. **TATHANTAÍONN SÍ** ar an gCoimisiún leanúint dá iarrachtaí meastóireacht a dhéanamh ar na hionstraimí státchabhrach, cuir i gcás, Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine agus feabhas a chur orthu chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh, ar dhúshláin nua agus ar réaltachtaí nua na margaí agus ar an nuálaíocht chun creat spriocdhírithe úrscothach agus soiléireacht agus intuarthacht fhadtéarmach a chur ar fáil sa mhargadh, i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais agus cothrom iomaíochta á choinneáil ag an am céanna;

19. **MEASANN SÍ** gur ionstraim luachmhar iad na Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEInna) do bheartas tionsclaíoch Eorpach lena gcuirtear ar chumas na mBallstát idirghabháil a dhéanamh i gcásanna ina dtarlaíonn cliseadh tábhachtach margaidh agus tionscadail nuálacha a chothú lasmuigh d'acmhainneachtaí aonair; **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** gur gá leanúint de chreat IPCEI a bharrfheabhsú chun an próiseas iomlán a chuíchóiriú agus a luathú a thuilleadh agus chun é a dhéanamh níos éasca do chuideachtaí de gach méid, go háirithe FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe, páirt a ghlacadh in IPCEInna; **IARRANN SÍ** go ndéanfaí simpliú breise ar an gcóras rialachais le haghaidh IPCEInna, go mbeadh an Coimisiún rannpháirteach níos luaithe sa chéim ullmhúcháin agus go n-áiritheofaí rannpháirtíocht chuimsitheach na mBallstát agus na bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear FBManna; **IS DÍOL SÁSAIMH DI**, sa chomhthéacs sin, seoladh an Fhóraim Chomhpháirtigh Eorpaigh le haghaidh IPCEI chun aghaidh a thabhairt a thuilleadh ar dhúshláin a bhaineann le IPCEInna agus chun acmhainneacht iomlán na hionstraime a bhaint amach, lena n-áirítear trí fhéachaint ar IPCEInna nua is iarrthóirí i réimsí straitéiseacha;

20. **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** go mbeidh gá le hinfheistíochtaí suntasacha chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhaint amach agus go mbeidh ról ag gach foinse maoinithe atá ar fáil; LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé cothrom iomaíochta a áirithiú laistigh den Mhargadh Aonair agus é a chur chun cinn ar leibhéal domhanda; **LEAGANN SÍ BÉIM** ar an meascán de mhaoiniú poiblí agus príobháideach atá ag teastáil le haghaidh infheistíochtaí i bpríomhearnálacha straitéiseacha agus i bpríomhbhonneagar straitéiseach agus ar an ról tábhachtach atá ag buiséad an Aontais i gcónaí, faoi mar a chuir an Chomhairle Eorpach in iúl ag an gcruinniú speisialta a bhí aici an 17 agus an 18 Aibreán 2024; **TATHANTAÍONN SÍ** ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an Rialachán lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip, lena gcothófar sineirgí idir ionstraimí cistiúcháin Eorpacha; **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** an ról lárnach atá ag an mBeartas Comhtháthaithe maidir le héagothromaíochtaí a laghdú, fás inbhuanaithe fadtéarmach a spreagadh agus tacú le haistriú cothrom glas agus digiteach; **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún, gan teacht roimh an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile, meastóireacht a dhéanamh agus, más gá, feabhas a chur ar na sásraí cistiúcháin Eorpacha, féachaint ar bhealaí struchtúracha chun infheistíocht phríobháideach i dteicneolaíochtaí straitéiseacha a mhéadú chun acmhainneachtaí tionsclaíocha a mhéadú, agus measúnú a dhéanamh ina dhiaidh sin an bhfuil an bosca uirlisí maoiniúcháin don tionscal éifeachtach chun comhspriocanna an Aontais a bhaint amach ar bhealach tráthúil; **MEABHRAÍTEAR DI** an ról atá ag clár InvestEU sa chomhthéacs sin;

## IV. Na coinníollacha creata cearta chun tionscal Eorpach iomaíoch a áirithiú

21. **CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS** a thábhachtaí atá timpeallacht fhabhrach inar féidir le gnólachtaí, go háirithe FBManna, a bheith rathúil agus i mbun fáis, rud atá fabhrach don fhiontraíocht, a mheallann infheistíocht, a chothaíonn nuálaíocht agus a chuireann le hiomaíochas an Aontais agus a 14 éiceachóras thionsclaíocha, mar shampla tionscail dianfhuinnimh agus soghluaisteacht - iompar - mótarfheithiclí;

22. **LEAGANN SÍ BÉIM** ar a ríthábhachtaí atá sé an Margadh Aonair a neartú agus a dhoimhniú a thuilleadh chun a áirithiú go leanfaidh an tAontas de bheith athléimneach agus iomaíoch; **MEABHRAÍTEAR DI** go bhfuil sé ríthábhachtach rialacha an Mhargaidh Aonair a fhorfheidhmiú go héifeachtach chun an cothrom iomaíochta atá de dhíth ar ghnólachtaí Eorpacha a choinneáil agus chun comhtháthú an Mhargaidh Aonair a chur chun cinn a thuilleadh; **IARRANN SÍ** ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún a n-iarrachtaí a threisiú agus dlús a chur lena ngníomhaíochtaí chun deireadh a chur le bacainní gan údar maith a chuireann bac ar chumas chuideachtaí an Aontais méadú agus a bheith níos iomaíche ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta;

23. **AITHNÍONN SÍ** go bhfuil deimhneacht dhlíthiúil agus creat rialála atá comhleanúnach, intuartha, slán i bhfad na haimsire agus inrochtana ríthábhachtach chun infheistíocht a chothú agus chun ár n-iomaíochas a chosaint, agus gur cheart seasamh le caighdeáin chomhshaoil agus shóisialta i reachtaíocht an Aontais ag an am céanna; **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR**, i ndáil leis sin, a thábhachtaí atá sé nósanna imeachta ceadaithe a chuíchóiriú le haghaidh tionscadail a rannchuidíonn le spriocanna an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, lena n-áirítear feabhas a chur ar an acmhainneacht mhonaraíochta; **LEAGANN SÍ BÉIM** ar a thábhachtaí atá sé an clár oibre maidir le Rialáil Níos Fearr a shaothrú d'fhonn sláine an Mhargaidh Aonair a chaomhnú trí rialacha an Aontais a chur chun feidhme i gceart, dúbláil agus ilroinnt rialála a sheachaint, agus rómhaorlathas a laghdú ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát, go háirithe do FBManna, lena n-áirítear tríd an Tairseach Aonair Dhigiteach agus uirlisí eile dá leithéid; **TACAÍONN SÍ**, i ndáil leis an méid sin, le gealltanas an Choimisiúin an t-ualach a bhaineann le ceanglais tuairiscithe a eascraíonn as reachtaíocht an Aontais a laghdú 25 % do chuideachtaí agus d'údaráis, i gcomhréir leis an straitéis chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach an Aontais, agus seiceálacha iomaíochais a dhéanamh i measúnuithe tionchair ar thograí reachtacha nua, lena n-áirítear maidir lena n-éifeachtaí carnacha; **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** an smaoineamh ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa 'Tástáil Struis Nuálaíochta' a thabhairt isteach le haghaidh reachtaíocht nua an Aontais agus **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí í a chur chun feidhme trí na huirlisí reatha um Rialáil Níos Fearr;

24. **CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS** a ríthábhachtaí atá slándáil, inbhuanaitheacht agus inacmhainneacht an tsoláthair fuinnimh, trí mhargadh fuinnimh Eorpach atá comhtháite go maith agus trí bhonneagar agus eangacha trasteorann, don tionsclaíocht agus dá hiomaíochas, agus ar an méid a rannchuidíonn beartas fuinnimh na hEorpa leis an margadh aonair agus le huaillmhian an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí; **AITHNÍONN SÍ** ról an mhargaidh inmheánaigh fuinnimh maidir le hinfheistíochtaí i gcórais fuinnimh, in éifeachtúlacht fuinnimh, i solúbthacht agus i leictriú méadaithe an gheilleagair a dhreasú; **CUIREANN SÍ IN IÚL** gur cheart an creat beartais ceart a chur chun feidhme go hiomlán anois in earnáil an fhuinnimh chun deimhneacht dhlíthiúil agus forbairt thapa an mhargaidh a áirithiú agus chun moilleanna ar infheistíochtaí straitéiseacha agus cruthú sócmhainní tréigthe a sheachaint;

25. **CUIREANN SÍ IN IÚL**, chun go n-éireoidh leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach agus i gcomhthéacs mórthreochtaí déimeagrafacha, gur cheart na hinniúlachtaí agus na scileanna is gá a bheith ar fáil go leordhóthanach ar gach leibhéal, agus gur cheart cothromaíocht inscne a chothú ag an am céanna i dtéarmaí céimithe agus gairmeacha i réimsí TFC nó ETIM; **LEAGANN SÍ BÉIM** ar an gcaoi a n-éilíonn gníomhaíocht sa réimse sin infheistíochtaí, idirphlé sóisialta agus comhar neartaithe idir na páirtithe leasmhara ábhartha uile i réimsí an oideachais fhoirmiúil, an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna agus na foghlama obairbhunaithe; **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** gur féidir réimse éagsúil scileanna a fháil freisin trí gach cineál foghlama ar feadh an tsaoil; **IARRANN SÍ** go ndéanfaí an fhoghlaim neamhfhoirmiúil agus inniúlachtaí agus scileanna neamhfhoirmiúla a aithint agus ar bhealach níos fearr; **LEAGANN SÍ BÉIM** ar a riachtanaí atá sé go ndéanfaí scileanna agus cáilíochtaí a aithint san Aontas, ar bhealach atá fabhrach don idir-inoibritheacht, lena n-áirítear scileanna agus cáilíochtaí náisiúnach tríú tíortha; **DÉANANN SÍ GACH IARRACHT** tallann a mhealladh, a choinneáil agus a chur chun tairbhe san Aontas, agus aird ar leith á tabhairt ar réigiúin atá i sáinn na forbartha tallainne faoi láthair; **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** a riachtanaí atá faisnéis scileanna agus fadbhreathnaitheacht mar uirlisí chun na riachtanais scileanna a bheidh ann amach anseo i margadh an tsaothair a réamh-mheas;

26. **LEAGANN SÍ BÉIM** ar a thábhachtaí atá sé beartas trádála uaillmhianach, láidir, oscailte agus inbhuanaithe a shaothrú lena gceadaítear comhaontuithe trádála córa, lena n-osclófar margaí tríú tíortha do chuideachtaí an Aontais, lena gcosnaítear leasanna an Aontais, lenar féidir slabhraí soláthair athléimneacha iontaofa a fhorbairt, lena ráthaítear cothrom ceart iomaíochta agus lena gcruthaítear deiseanna cómhalartacha le haghaidh rochtain ar an margadh; **CUIREANN SÍ IN IÚL**, sa chomhthéacs sin, gur cheart don Aontas spleáchais straitéiseacha ardriosca a laghdú, caighdeáin shóisialta agus chomhshaoil a chur chun cinn, éagsúlú sreafaí trádála a éascú, deireadh a chur le bacainní trádála agus iomaíochas gnólachtaí Eorpacha a fheabhsú ar bhonn intíre agus ar bhonn seachtrach, go háirithe trí thionscnaimh ar nós comhaontuithe saorthrádála, comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta agus Global Gateway; **CUIREANN SÍ IN IÚL** go dtéann an beartas trádála chun tairbhe d’iomaíochas tionsclaíoch an Aontais toisc go gcruthaíonn sé tairbhí frithpháirteacha d’earnálacha tionsclaíocha, go n-áirithíonn sé rochtain ar an margadh d’earraí, do sheirbhísí agus do sholáthar poiblí, agus go bhfeabhsaíonn sé cosaint na gceart maoine intleachtúla; **CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS** a riachtanaí atá sé úsáid a bhaint, i gcás inarb iomchuí, as réimse iomlán na n-uirlisí beartais, mar shampla, uirlisí cosanta trádála, chun margadh an Aontais agus an cothrom iomaíochta a chosaint ar iomaíocht éagórach agus ar chleachtais éagóracha tríú tíortha, go háirithe in earnálacha straitéiseacha nó in earnálacha a mbaineann ró-acmhainneacht leo; **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** a riachtanaí atá sé neartú a dhéanamh ar an gcóras iltaobhach, oscailte, riailbhunaithe trádála, a bhfuil EDT ina chroílár, agus ar an ról atá aige maidir le dul i ngleic le cleachtais neamh-mhargaidh a shaobhann an trádáil, fóirdheontais thionsclaíocha dhíobhálacha;

27. **CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS** an ról atá ag na caighdeáin theicniúla san iomaíochas, sa cheannaireacht theicneolaíoch agus i slándáil an tslabhra soláthair i ngeilleagar na hEorpa; **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** go dtugtar le tuiscint leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach gur gá aghaidh a thabhairt go práinneach ar na riachtanais chaighdeánaithe; **LEAGANN SÍ BÉIM LÁIDIR** ar a thábhachtaí atá sé gur cheart don Choimisiún, do na Ballstáit, do na hoibreoirí eacnamaíocha, don tsochaí shibhialta agus do na heagraíochtaí maidir le caighdeáin a leagan síos, gur cheart dóibh a n-acmhainneacht maidir leis na caighdeáin idirnáisiúnta a shocrú agus tionchar a imirt orthu; **LEAGANN SÍ BÉIM** ar a thábhachtaí atá sé tacú le pobal gnó an Aontais le go mbeidh sé níos rannpháirtí i bhforbairt na gcaighdeán ar an leibhéal idirnáisiúnta; **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún leanúint de na hiarrachtaí iarrataí ar chaighdeánú a eisiúint go tráthúil i gcaoi is go mbeadh páirt oscailte, comhleanúnach ag na páirtithe leasmhara uile chun a áirithiú go ndéanfar na caighdeáin a lua go tráthúil; **MOLANN SÍ** do na heagraíochtaí forbartha caighdeáin ardcháilíochta ina mbeidh na páirtithe leasmhara uile rannpháirteach iontu a chur ar fáil go tráthúil; **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cur chuige cothrománach a fhorbairt chun forbairt na gcaighdeán a ionchorprú sa taighde agus sa nuálaíocht chun dlús a chur leis an imscaradh ar an margadh agus chun rannchuidiú le ceannaireacht an Aontais sa chaighdeánú;

28. **MEABHRAÍTEAR DI** gurb iad cearta maoine intleachtúla, go háirithe paitinní, 'airgeadra' an gheilleagair eolais; **CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS** a thábhachtaí atá sé do thionscail, agus go háirithe do FBManna, go gcosnófaí eolas agus na cearta maoine intleachtúla agus na rúin trádála agus go dtuigfí a luach, chun infheistíocht a mhealladh, chun luach a ghiniúint agus chun a n-iomaíochas a mhéadú; dá bhrí sin, **IARRANN SÍ** ar institiúidí ábhartha an Aontais, ar ghníomhaireachtaí agus ar an gcomhphobal airgeadais tuilleadh oibre a dhéanamh maidir le luachshocrú na gceart maoin intleachtúla mar luamhán do FBManna agus do ghnólachtaí nuathionscanta uas-scálú a dhéanamh sa Mhargadh Aonair agus i margaí eile;

## V. Gníomhaíocht chomhpháirteach a dhéanfar amach anseo

29. IARRANN SÍ go mbeidh creat beartais tionsclaíoch Eorpach ann a bheidh cuimsitheach, réamhghníomhach agus dírithe ar an todhchaí agus a bheidh ailínithe le tosaíochtaí beartais uileghabhálacha fadtéarmacha an Aontais, lena n-áirítear an t-aistriú chuig an aeráidneodracht, lena gcuirfear intuarthacht níos fearr ar fáil don tionscal agus a mbeidh bosca uirlisí iomchuí aige chun gnólachtaí laistigh de theorainneacha an Aontais a mhealladh, a mhéadú agus a chothabháil, agus lena gcothófar poist ardcháilíochta ar fud na hEorpa, trí dhlús a chur le saothrú phríomhspriocanna 2030, trí idirphlé sóisialta athneartaithe; **FÉACHANN SÍ** le creat uaillmhianach beartais tionsclaíoch Eorpach a bhunú a bheadh ina phríomhspreagadh chun an neart eacnamaíoch is bonn le 'colún chur chun cinn' Straitéis Eorpach um an tSlándáil Eacnamaíoch a dhaingniú; **LEAGANN SÍ BÉIM** ar a thábhachtaí atá sé díriú ar chur chuige atá níos cothrománaí ó thaobh bheartas tionsclaíoch an Aontais de agus ar chuíchóiriú tionscnaimh earnáilsonracha; **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** go n-éilíonn sé sin cur chuige iomlánaíoch agus iarrachtaí comhroinnte, comhar agus úinéireacht institiúidí an Aontais, na mBallstát, lena n-áirítear an leibhéal réigiúnach agus ról gníomhach an éiceachórais thionsclaíoch féin; **TATHANTAÍONN SÍ** ar an gCoimisiún páirt lárnach a thabhairt don bheartas tionsclaíoch ina chlár oibre don chéad sainordú reachtach eile, agus borradh a chur faoin iomaíochas Eorpach, agus ar an gcaoi sin, dul i dtreo comhaontú nua Eorpach maidir leis an iomaíochas mar a iarradh sna conclúidí ón gComhairle an 17 agus an 18 Aibreán 2024 ag tógáil ar an Comhaontú Glas don Eoraip mar uirlis spreagtha don fhás, don nuálaíocht agus don infheistíocht;

30. **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** an Tuarascáil Ardleibhéil *Much More Than a Market* [Margadh thar an gCoitiantacht] ó Enrico Letta agus **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit scrúdú a dhéanamh ar na moltaí atá ábhartha don bheartas tionsclaíoch; **TÁ SÍ AG SÚIL LEIS** an tuarascáil atá le teacht ó Mario Draghi maidir le todhchaí iomaíochas na hEorpa agus go háirithe maidir leis na gnéithe a bhaineann leis an mbeartas tionsclaíoch;

31. **MEASANN SÍ GUR DEN TÁBHACHT É** go mbunófaí an creat beartais tionsclaíoch Eorpach a bheidh ann amach anseo ar uirlisí fianaise-bhunaithe, ar mhéadrachtaí, ar phrionsabail mhargadh-bhunaithe, ar chroí-réamhaisnéisí eacnamaíocha agus ar thorthaí eacnamaíocha, lena gcomhtháthaítear na torthaí eacnamaíocha is déanaí in anailís ar bheartas tionsclaíoch mar aon le tosca comhshaoil, inbhuanaitheachta, athléimneachta agus sóisialta ina samhlacha bonnlíne, agus lena sainaithnítear margaí straitéiseacha fáis a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo; **ATHDHEARBHAÍONN SÍ** a thábhachtaí atá na tuarascálacha agus an scórchlár ón gCoimisiún ar an Margadh Aonair agus ar an iomaíochas, ar an anailís ar na spleáchais straitéiseacha, ar na staidéir fadbhreathnaitheachta, ar na hanailísí cainníochtúla agus ar na measúnuithe riosca i ndáil leis sin; **LEAGANN SÍ BÉIM** ar a thábhachtaí atá sé faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme, ar chur i bhfeidhm agus ar thionchar na reachtaíochta a ghlacfar, chomh maith le measúnuithe tionchair ex ante ardcháilíochta tráthúla agus críochnúla a dhéanamh do na tionscnaimh reachtacha a bheidh ann amach anseo chun na prionsabail um Rialáil Níos Fearr a chomhlíonadh; **TATHANTAÍONN SÍ** ar an gCoimisiún agus ar na comhreachtóirí an prionsabal 'tús áite d'fhiontair bheaga' a chur i bhfeidhm go córasach agus reachtaíocht nua á tionscnamh acu, ós rud é gurb iad 99 % de ghnólachtaí san Eoraip agus gurb ionann iad agus níos mó ná 50 % de OTI an Aontais agus sainiúlachtaí réigiúin na hEorpa a bhfuil dúshláin gheografacha, nádúrtha nó dhéimeagrafacha rompu a chur san áireamh;

32. **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** gurb iad Straitéis Tionsclaíochta an Aontais 2020, chomh maith leis an nuashonrú a rinneadh uirthi in 2021, an Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais agus an Clár Beartais don Deacáid Dhigiteach, gurb iad bunchlocha na mbeartas do na hinstitiúidí Eorpacha lena bhfágtar an bealach san aistriú glas agus san aistriú digiteach agus chun go gcuirfidh an tAontas feabhas ar a athléimneacht i bpríomhréimsí; **LEAGANN SÍ BÉIM** ar a thábhachtaí atá sé go gcuirfear na tionscnaimh reachtacha a rinneadh le déanaí chun feidhme go cuí agus go tráthúil, go háirithe an Gníomh um Shliseanna, an Gníomh um Amhábhair Chriticiúla agus an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta; **DEARBHAÍONN SÍ** ábharthacht na 14 éiceachóras thionsclaíocha a sainaithníodh i Straitéis Tionsclaíochta an Aontais agus sna conairí aistrithe a ndearnadh bearta tábhachtacha ina leith agus arb é Conair an Aistrithe don Turasóireacht an chéad cheann sa tsraith, agus ar gá obair leantach a dhéanamh ina leith; **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** na hidirphléití maidir leis an Aistriú Glan a rinneadh le déanaí leis an tionscal agus leis na comhpháirtithe sóisialta, agus an measúnú a rinne an Coimisiún; **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún leanúint de mheasúnú a dhéanamh ar na riachtanais agus na dúshláin atá roimh na héiceachórais thionsclaíocha, faireachán a dhéanamh ar a bhforbairt eacnamaíoch agus ar a iomaíochas agus anailís a dhéanamh ar a gcomhtháthú sa Mhargadh Aonair, agus é sin a uile a dhéanamh i ndlúthchomhar leis na páirtithe leasmhara.